Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0175

Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird: leasú ar Airteagal 36

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le formheas, thar ceann an Aontais, an leasaithe ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (15592/2025 – C10-0001/2026 – 2025/0193(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (15592/2025),

– ag féachaint don dréachtleasú ar airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird (15592/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0001/2026),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim i bhfoirm litreach ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0101/2026),

1. ag tabhairt a toilithe d’fhaomhadh leasú an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.